An Modh Coinníollach | Topic Notes

Cad a dhéanfá dá mbuafá an crannchur náisiúnta?

(what would you do if you won the lotto?)

Bheadh orm mo mhachnamh a dhéanamh (to consider) faoi sin. Bheinn thar a bheith (extremely) sásta dá dtarlódh a leithéid. An chéad rud a dhéanfainn ná screadaílfinn (scream) agus chuirfinn glaoch ar mo cháirde. Ansin thosóinn ag smaoineamh ar conas an t-airgead a chaitheamh. Rachainn ar saoire (on holiday) timpeall an domhain. Ba bhreá liom carr nua nó teach nua a cheannach. Thabharfainn airgead do na daoine bochta agus cheannóinn bronntanais (presents) do mo cháirde.

Cad a dhéanfá dá bhfeicfeá timpiste nó tine?

Ar dtús, chuirfinn glaoch ar na gardaí / ar otharcharr / ar an mbriogáid dóiteáin. Agus ina dhiaidh sin, dhéanfainn iarracht cabhrú leis na daoine, mar tá cúpla scileanna garchabhracha (1st aid) agam.

Cad a dhéanfá dá mbeifeá i do Thaoiseach ar an tír seo?

Ar ndóigh post tábhachtach is ea post an taoisigh, agus tá go leor dualgaisí difriúla ag baint leis. Bíonn muid ag brath (depending) go mór ar chinntí (decisions) an Taoisigh, mar sin bheadh orm a lán machnaimh a dhéanamh ar an gceist sin. Tá rudaí áirithe níos práinní ná a chéile, mar shampla chuirfinn níos mó áiseanna (facilities) ar fáil (available) do dhaoine óga.

Chuirfinn stop le caimiléireacht pholaitiúil (political corruption), dífhostaíocht (unemployment) agus fadhb na ndrugaí.

Cad a dhéanfá dá mbeifeá i do Phríomhoide ar an scoil seo?

Ar an gcéad dul síos, ligfinn do na scoláirí a gcuid éadaigh (clothes) féin a chaitheamh. Thabharfainn níos mó saoirse dóibh, ach d'athróinn seomra caidrimh (common room) mar bíonn sé salach (dirty) an t-am ar fad.